

---

# TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)

---



Treoirbhileog 10

---

## TIMPEALLACHT FHSICIÚIL A SHEICEÁIL SA SEOMRA RANGA

---

Uaireanta, sa seomra ranga, seans go mbeidh gnéithe den timpeallacht fhsiciúil a spreagfaidh iompraíocht mhíchuí. Mar chéad chéim i gcur chuige chun iompraíocht mhíchuí a chosc, tá sé tábhachtach féachaint ar an timpeallacht fhsiciúil go cúramach agus má fheictear dúinn go mbeidh tionchar diúltach ag aon rud ar iompraíocht daltaí gur chóir dúinn an rud sin a chaitheamh amach nó a athrú. Níl sa mhéid seo thíos ach roinnt de na réimsí a mholtar féachaint orthu.

**Úsáid spáis:** An bhfuil spás stórála atá sainmhínithe go soiléir d'ábhair, do leabhair srl? An bhfuil taisceadáin / comhadchaibinéid / cófraí faoi ghlas sa seomra? An bhfuil dóthain spáis ann le haghaidh leabhar agus ábhar? An bhfuil an iomarca rudaí sa seomra? Cé atá freagrach as an seomra a choinneáil néata? An féidir limistéir staidéir agus deasca a choinneáil glan ó bharráocht rudaí agus ó rudaí a chuirfidh isteach ar dhaltáí? An bhfuil limistéir oibre agus limistéir chiúine ann? (b'fhéidir málaí suí, puball, scáileán, nó crios / treo-chosán atá marcáilte le téip chumhdaigh ar an urlár.)

**Taispeántais:** An bhfuil taispeántais bhalla, ghrianghraif, spreagthaí amhairc, plandaí, bord dúlra, cúinne do pheataí sa seomra? Conas a théann na taispeántais seo i gcion ar na daltaí (go haonair agus le chéile)? Cén leibhéal ionchuir atá ag daltaí sna gnéithe seo den seomra ranga? An bhfuil an iomarca taispeántas ann do roinnt daltaí is féidir a chur ar seachrán go héasca?

**Meas ar mhaoin agus ar spás pearsanta:** Cá gcuireann na daltaí a gcuid málaí agus a mboscaí lóin, cótaí agus bróga, éadaí agus trealamh Corpoideachais? An bhfuil spás stórála aonair acu? Cad iad na rialacha maidir le míreanna pearsanta cosúil le fóin phóca, válcairí, iPodanna, srl? Ar múineadh go soiléir do dhaltáí conas meas a bheith acu ar mhaoin daltaí eile agus freisin conas spás pearsanta cuí a thabhairt dá chéile?

**Socruithe maidir le Suíocháin:** Conas atá na suíocháin leagtha amach (i rónna, cruinnithe le chéile, i bhfoirm U, i ngrúpaí beaga)? An é seo an leagan amach is fearr? Cé a shocróidh an áit a mbeidh na daltaí ina suí? Más é an múinteoir a shocróidh suíocháin daltaí aonair, is cleachtadh maith é na suíocháin a athrú go rialta (m.sh. gach mí / lár-téarma).

**Limistéar ciúin:** An féidir plean a dhéanamh roimh ré faoi ghluaiseacht inghlactha sa rang? Chun seo a dhéanamh, d'fhéadfá "áit cheadaithe" a chruthú le suíochán /deasc breise áit éigin sa rang. Tá daltaí áirithe ann agus is gá dóibh bogadh thart go minic; d'fhéadfadh siad dul chuig an áit "cheadaithe" seo. Tugann sé seo rogha duit freisin duine éigin a bhogadh chun iad a dhíriú arís ar a dtasc féin gan scéal mór a dhéanamh de.

**Torann:** Cad é do leibhéal compoird féin? An mian leat go mbeidh ciúnas ann agus na daltaí ag obair ar tasc nó an bhfuil tú sásta ligean dóibh labhairt lena chéile agus rudaí a phlé ag úsáid 'glórtha comhoibríthe'? An bhfuil sé ag brath ar an ábhar / ngníomhaíocht? An cuidiú é torann sa chúlra m.sh. raidió / dlúthdhiosca ag imeacht go híseal i gcás ábhar áirithe? Cad é leibhéal compoird an dalta? An gcuireann a lán torann isteach go héasca ar aon dalta? An gá duit luas, tuinairde, airde do ghlóir féin a íslíú? Ar smaoinigh tú ar 'Méadar Fuaimleibhéil' a úsáid? (féach Treoirbhileog 27).

**Solas:** B'fhéidir nach bhfuil aon smacht agat air seo ach an leor an méid solais lae atá sa seomra nó an bhfuil sé róláidir; an bhfuil dallóga ar na fuinneoga nó gloine shioctha orthu? An bhfuil an solas saorga sách láidir? Solas fluaraiseach atá ag preabarnach: an bhfuil éifeacht dhiúltach aige seo ar roinnt daltaí (m.sh. iadsan a bhfuil ADHD orthu nó a bhfuil titimeas fótamhothálach orthu)? An gcaithfidh daltaí áirithe a bheith i limistéir níos gile nó níos dorcha den seomra? An bhfuil dalladh ar an gclár dubh / ar an gclár bán / ar mhonatóir an ríomhaire ó áiteanna éagsúla nó ag amanna éagsúla?

**Aer / Teas:** Cén córas aeraithe atá ag an seomra ranga? An bhfuil an t-aer / teocht á rialtú trí phointí difriúla sa seomra? Conas a fhreastalaíonn tú ar riachtanais / thuairimí difriúla? Cad is féidir leat a dhéanamh má tá an seomra róthe / rófhuar / róphlúchta?

**Sábháilteacht:** An bhfuil polasaí sláinte agus sábháilteachta ag an scoil? Má tá, an bhfuil a fhios agam faoi gach rud atá sa pholasaí? An bhfuilimid á chomhlíonadh sa seomra ranga? An bhfuil aon chontúirtí féideartha gur gá fáil réidh leo / a dheisiú (trealamh lochtach / plugaí nó soicéid bhriste / sreanga scaoilte / sconná atá ag sileadh / fuinneog bhriste srl)?

**Nóta: Tabhair rabhadh maidir le hAthrú!** Más féidir é, ullmhaigh an rang / dalta don athrú - má tá tú chun athruithe a dhéanamh ar an timpeallacht fhisiciúil nó ar leagan amach na suíochán mínigh cad a tharlóidh agus cén fáth a mbeidh an t-athrú á dhéanamh.

### CEAHT CHUN AN TIMPEALLAHT FHSICIÚIL A SHEICEÁIL

**Cuspóir:** Aithin na rudaí a d'fhéadfadh iompar míchuí a spreagadh i ndaltaí mar gheall ar aon cheann de na gnéithe seo de thimpeallacht do sheomra ranga féin.

TOPAIC	An bhfuil aon rud a mhúsclaíonn iompar míchuí?	Má tá, cad is féidir liom a dhéanamh faoi?
Úsáid spáis		
Taispeántais		
Meas ar mhaoin / spás pearsanta		
Socruithe maidir le suíocháin		
Limistéar ciúin		
Torann		
Solas		
Aer / Teas		
Sábháilteacht		
Rudaí eile?		